

- |    |  |   |
|----|--|---|
| 1. | Cad a rinne tú i rith na seachtaine?                         | What did you do during the week?                        |
| 2. | An ndearna tú taisteal ar an traein riamh? Cá ndeachaigh tú? | Did you ever travel on a train?<br>Where did you go?    |
| 3. | An raibh tú san Eoraip riamh?<br>Where were you?             | Were you ever in Europe? Where were you?                |
| 4. | An bhfaca tú caisleán riamh?                                 | Did you ever see a castle?                              |
| 5. | An maith leat scéalta scanrúla?                              | Do you like scary stories?                              |
| 6. | Ar léigh tú nó an bhfaca tú scéal Dhracula roimhe seo?       | Did you read or watch the story of Dracula before this? |

**Dracula – Bram Stoker**

1. Cín Lae Jonathan Harker  
3 Bealtaine (an tríú lá de Bhealtaine).  
Bistritz
2. D'fhág mé München ar an gcéad lá de  
Bhealtaine agus bhain mé Vín amach  
go luath an mhaidin dár gcionn.
3. Déarfainn gur áit iontach í Budaípeist,  
ón radharc breá a fuair mé uirthi ón  
traein, agus is trua nach raibh deis  
agam stopadh ann.
4. Soir atá m'aghaidh i gcónaí, i dtreo  
Shléibhte Cairp, agus is mór an  
difríocht idir an tírdhreach seo agus  
tírdhreach Shasana.
5. Sular chrom mé ar an aistear seo, thug  
mé cuairt ar Mhúsaem na Breataine  
agus léigh mé a lán faoi stair na  
Trasalváine – nach fiáin diamhair an áit  
í.
6. Ní raibh mé in ann teacht ar mhapa  
ceart den dúiche agus is cinnte nach  
bhfuil a fhios agam go beacht conas  
teacht ar Chaisleán Dracula.
7. Ba é an Cunta Dracula a d'ainmnigh an  
baile seo, Bistritz – ní mór dom an t-  
eolas uile a bhreacadh síos i dtreo is go  
mbeidh mé in ann an scéal iomlán a  
thabhairt do Mhína.
8. Codladh corrach a rinne mé aréir cé  
nach raibh aon easpa compoird orm.
9. B'ait iad na taibhrimh a rinneadh dom  
agus ba ghlé, ar uairibh: níorbh aon  
chabhair é an gadhar lasmuigh den  
fhuinneog agus é ag amhastrach go lá  
bán.

**Dracula – Bram Stoker**

- Diary of Jonathan Harker  
May third  
Bistritz
- I left Munich on the first day of May and I  
reached Vienna early the following morning.
- I would say that Budapest is a wonderful place  
from the view I got of her from the train, and  
it's I pity that I didn't have the opportunity to  
stop there.
- My direction is ever east, towards the  
Carpathian Mountains, and there is a great  
difference between this landscape and the  
landscape of England.
- Before I set out on this journey, I visited the  
British Museum and I read a lot about the  
history of Transylvania – isn't it a wild and  
mysterious place?
- I wasn't able to find a proper map of the area  
and it's certain that I don't know exactly how  
to find Dracula's Castle.
- It was Count Dracula who named this town,  
Bistritz – I must jot down all this information  
so that I can give the whole story to Meena.
- I had a restless sleep last night even though I  
felt no lack of comfort.
- The dreams I had were strange and it was clear,  
at times: the hound outside the window was no  
help as it barked until day.

- |  |   |
|--|---|
| 10. <u>Níos déanaí</u> : Bhrostaigh mé le bheith in am don traein ar maidin.   | Later: I hurried to be on time for the train in the morning.  |
| 11. Bhí sí le himeacht ar 7:30 a.m. (leathuair tar éis a seacht ar maidin) ach b'éigean dom uair an chloig a chur isteach sa charráiste fuar sular bhog sí, rud nach dtarlódh i Londain. | It was to leave at 7:30 a.m., but I had to spend an hour in the cold car before it moved, something that would not happen in Londo.                   |
| 12. Ag seilmidéail tríd an dúiche a bhí an traein.   | The train was crawling through the district.  |
| 13. Ach ar ndóigh, bhí sé go deas na bailte beaga, na haibhneacha agus na srutháin a fheiceáil.  | But of course, it was nice to see the villages, the rivers and the streams.   |
| 14. Níorbh ionann in aon chor na daoine ó stáisiún go a chéile; bhí éadach an-neamhchoitianta ar chuid acu – ach ar a shon sin bhí na mná an-dathúil.                                    | The people are not at all alike from one station to another; some of them had very unusual clothes – but for all that, the women were very beautiful. |
| 15. Treoracha scríofa an Chunta Dracula liom ach níor mhór an cúnamh dom iad.  | Count Dracula's written instructions with me, but little was the help they were to me.  |
| 16. Mhol sé dom cur fúm sa Choróin Órga, óstán galánta ach thar a bheith seanfhaiseanta.   | He recommended to me to settle in the Golden Crown, an elegant hotel, but a very old-fashioned one.   |
| 17. Chuir seanbhean faoi éadach gioblach na tuaithe fáilte is fiche romham ag an doras.  | An old woman in ragged country clothing welcomed me warmly at the door.   |
| 18. “An tú an Sasanach?” ar sí.<br>“Is mé,” a deirim, “Jonathan Harker.”   | “Are you the Englishman?” she asked.<br>“Yes,” I said, “Jonathan Harker.”   |
| 19. Shín sí litir chugam agus bhí sí féin agus a fear céile ag baint lán na súl asam fad a bhí mé á léamh.   | She handed me a letter and she and her husband were staring at me while I read the letter.  |
| 20. “A Chara – Fáilte romhat go dtí Sléibhte Cairp.  | “Dear – Welcome to the Carpathian Mountains.  |
| 21. Táim ag tnúth le bualadh leat.   | I'm looking forward to meeting with you.  |

- |  |   |
|--|---|
| 22. Ar Bhucovín a bheidh d'aghaidh amárach ar a trí agus beidh mo choiste romhat ag Mám Borgó chun tú a thabhairt anseo.   | You will be heading to Bucovin tomorrow at three and my coach will be waiting for you at Mám Borgó to bring you here.           |
| 23. Tá súil agam go raibh aistear taitneamhach agat agus go mbainfidh tú sult as an gcuid eile de do sheal inár measc. Do chara, Dracula.”                                     | I hope you had a pleasant journey and that you will enjoy the rest of your time among us. Your friend, Dracula.”                |
| 24. 4 Bealtaine (an ceathrú lá de Bhealtaine)  | The fourth of May   |
| 25. Thug an tseanbhean bricfeasta ar an sean-nós dom ar maidin agus bhí tamall comhrá againn le chéile.  | The old woman gave me an old-style breakfast in the morning and we had a spell of conversation together.                        |
| 26. Bhí a fear céile ábhairín neirbhíseach, b'fhacthas dom, agus dúirt sé gurbh ón gCunta féin a fuair sé an litir.  | Her husband was a bit nervous, it seemed to me, and he said that he got the letter from the Count himself.                      |
| 27. Nuair a d'fhiafraigh mé de an raibh aithne aige ar an gCunta agus cén chuma a bhí ar an gcaisleán, is amhlaidh a ghearr sé féin agus a bheainín fíor na Croise orthu féin: | When I asked if he knew the Count and what was the castle was like, he and his wife made the sign of the Cross over themselves: |
| 27. eolas dá laghad ní raibh acu ar na cúrsaí sin agus ní raibh siad sásta a thuilleadh a rá.  | they didn't have the least bit of knowledge of those matters and they weren't willing to say more.                              |

**Ceisteanna**

1. Cé a scríobh an cín lae seo?
2. Cén chathair a d'fhág sé ar an gcéad lá de Bhealtaine?
3. Conas a bhí sé ag taisteal?
4. Cad a rinne sé i Músaem na Breataine?
5. Cad a bhí lasmuigh dá fhuinneog?
6. Cad a bhí sé in ann a fheiceáil agus é ag taisteál?
7. Cé a scríobh treoracha dó?
8. Cé a chuir fáilte roimhe ag an óstán?
9. Cad a thug an tseanbhean dó ar maidin?
10. Cad a rinne an bhean agus a fear céile nuair a chur sé ceist orthu?

**Questions**

- Who wrote this diary?
- Which city did he leave on the first of May?
- How was he traveling?
- What did he do in the British Museum?
- What was outside his window?
- What could he see as he was traveling?
- Who wrote directions for him?
- Who greeted him at the hotel?
- What did the old woman give him in the morning?
- What did the woman and her husband do when he asked them a question?